Trócaire

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thaispeántas i gConamara atá eagraithe ag Trócaire. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na seatanna scáileáin seo a leanas. Cad é ábhar na míre, dar libh?



Ceist 2 Féachaigí ar an mír anois den chéad uair. An raibh an ceart agaibh maidir le hábhar na míre? Déanaigí liosta de na pointí a d'fhoghlaim sibh nach raibh pléite agaibh sular fhéach sibh uirthi.

Ceist 3 Stór focal

Agus sibh ag obair le chéile fós, pléigí na ceisteanna seo faoin stór focal a bhí sa mhír.

1. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo a leanas?

invasion	_____
big businesses	_____
violation	_____
firmly	_____

fairness	_____
sustainable	_____
natural resources	_____
forestry	_____
minerals	_____
threat	_____
fleeing	_____
international trade contract	_____

2. Bhí comhchiallaigh na bhfocal seo le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

brabús	_____
aighneas	_____
díreach mar an gcéanna	_____
i gcomhpháirtíocht le	_____
creatlach	_____

Féachaigí ar an mír den dara huair le bhur bhfreagraí a sheiceáil.

Ceist 4 Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad é Trócaire?

2. Cén cineál taispeántais a bhí ann?

3. Conas a dhéantar cur síos ar na daoine a sheasann go daingean i gcoinne gnólachtaí móra?

4. Deir Bertie Ó hAinmhire go bhfuil na gnólachtaí móra ag déanamh dochar don talamh, d'fhoraoisí agus don uisce sa tríú domhan mar tá na nithe a léirítear sna pictiúir thíos á mbaint acu. Cad iad?

5. Cad a dúirt Caoimhe de Barra faoin gcogadh san Úcráin?

Ceist 5 '…ar taispeáint…' agus '…ar t**h**aispeántas…'

Leanann an dá ainmfhocal (taispeáint agus taispeántas) an réamhfhocal simplí 'ar'. Cén fáth go bhfuil séimhiú ar an ainmfhocal 'taispeántas' ach nach bhfuil séimhiú ar 'taispeáint'?

An bhfuil aon sampla eile agat d'ainmfhocal nach séimhítear tar éis **ar**?

Ceist 6 Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus féachaigí ar an bpictiúr thíos. Cé hé an fear agus cé atá á thaispeáint aige ar a ghuthán? Bainigí úsáid as bhur samhlaíocht chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

1. Cé hiad na daoine sa phictiúr?
2. Cad eile atá le feiceáil sa phictiúr?
3. Cé as iad?
4. Cén fáth a bhfuil cuma bhrónach air?
5. Cén fáth a bhfuil sé ag taispeáint grianghraf d'fhear ar a ghuthán?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deis do gach beirt féachaint ar na pictiúir agus a machnamh a dhéanamh ar ábhar na míre sula seinnfear í.

Ceist 2

Tabhair an deis ansin do gach beirt ábhar na míre a phlé arís tar éis féachaint amháin. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán.

Ceist 3

invasion	*ionradh*
big businesses	*gnólachtaí móra*
violation	*sárú*
firmly	*go daingean*
fairness	*ceart agus cóir*
sustainable	*inbhuanaithe*
natural resources	*acmhainní nádúrtha*
forestry	*foraoiseacht*
minerals	*mianraí*
threat	*bagairt*
fleeing	*ag teitheadh*
international trade contract	*conradh idirnáisiúnta trádála*

brabús	*brabach*
aighneas	*coimhlint*
díreach mar an gcéanna	*ceannann céanna*
i gcomhpháirtíocht le	*i gcomhar le*
creatlach	*creat*

Ceist 4

Féach an script. Bí cinnte go mbaineann na foghlaimeoirí úsáid as na focail seo: *eagraíocht charthanachta, taispeántas grianghrafadóireachta, crógacht, diongbháilteacht, ola phailme* agus *cána siúcra.*

Ceist 5

Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann an réamhfhocal simplí ‘ar’ nuair atá suíomh nó ionad áirithe i gceist. Ní leanann séimhiú ‘ar’ nuair:

- ✓ a chuirtear staid nó coinníoll in iúl – ar buile
- ✓ atá ionad ginearálta i gceist – ar muir
- ✓ atá am i gceist – ar maidin

Samplaí eile:

ar meisce
ar cíos
ar ball
ar deireadh
ar comhaois

Ceist 6

Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad a samhlaíocht a úsáid mar nach bhfuil a fhios acu cé hé an duine sa ghrianghraf nó cén fáth a bhfuil sé ann. Is cleachtadh comhbhá é seo.

Eimear Ní Chonaola
Deir an eagraíocht charthanachta Trócaire go bhfuil aird tarraingthe ag ionradh na Rúise ar an Úcráin, ar an sárú a dhéantar ar chearta an duine in aimsir chogaidh. Tá portráidí de dhaoine atá ag seasamh in aghaidh gnólachtaí móra a dhéanann sárú ar chearta an duine i dtíortha bochta ar taispeáint i gConamara faoi láthair.

Sinéad Ní Neachtain
'Léiriú an chosaint' an t-ainm atá ar thaispeántas grianghrafadóireachta Gaeilge, atá eagraithe ag an gcarthanacht Trócaire, le ceiliúradh a dhéanamh ar chrógacht agus ar dhiongbháilteacht na ndaoine, a sheas go daingean in aghaidh gnólachtaí móra ar mhaithe le ceart agus cóir, agus a thacaigh le domhan inbhuanaithe, níos glaine agus níos sábháilte a chruthú. Meascán de mhná agus fir atá sna portráidí seo as tíortha ar nós Hondúras, chomh maith le daoine as an tír seo. Tá éileamh ollmhór ar acmhainní nádúrtha, rud atá ag déanamh scrios ar cheantair bhochta.

Bertie Ó hAinmhire, Trócaire
Tá comhlachtaí móra agus corparáidí móra ag teacht i dtír ar bhrabach ollmhór trí mhí-úsáid a bhaint as, is dócha, talamh, as foraoiseacht, as uisce, as mianraí, sa tríú domhan. Agus tá siad ag fás rudaí ar nós ola phailme, cána siúcra. Tá siad ag plé le hadhmad agus ag déanamh brabach ollmhór. Ach, ag an am céanna, tá siad ag truailliú na háite agus tá siad ag briseadh chearta daonna na ndaoine.

Sinéad Ní Neachtain
Tá an tionchar atá ag an mbagairt a dhéantar ar dhaoine, ar phobail agus ar chearta daonna le feiceáil go soiléir ag an domhan mór faoi láthair ó deineadh[1] ionradh ar an Úcráin. Tá leithéidí Trócaire ag obair leis na daoine sin atá ag teitheadh ó chontúirt.

Caoimhe de Barra, Príomhfheidhmeannach Trócaire
Mar gheall ar an Úcráin, táimid ag feiscint[2] ar an idirlíon agus ar an dteilifís[3] gach uile lá, an saghas, na rudaí uafásacha atá ag tarlú. Tarlaíonn na rudaí ceannann céanna i ngach uile chogadh thart timpeall an domhain agus an difríocht atá ann anois ná go bhfuil níos mó, is dócha, níos mó eolais againn mar gheall ar an saghas ruda a tharlaíonn, an saghas bealach ina sáraítear cearta daonna. Agus, cabhraíonn sé seo ar shlí amháin ionas gur féidir linn a thuiscint gurb é, go bhfuil na rudaí uafásach (go bhfuil cúrsaí go huafásach) san Úcráin. Ach chomh maith leis sin, i ngach uile choimhlint, is é an saghas ruda céanna a tharlaíonn.

Sinéad Ní Neachtain
Tá Trócaire ag troid ar son conradh idirnáisiúnta trádála agus cearta daonna a bhunú i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe. Chuirfeadh sé seo creat dlíthiúil ar fáil do chách le cosaint a thabhairt dá bpobal, talamh agus cearta.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

[1] deineadh = leagan canúnach de 'rinneadh'
[2] feiscint = leagan canúnach de 'feiceáil'
[3] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.